
# CRUIT
## AGUS CRUITIRE




funding traditional arts

LÁ NA CRUITE
HARP DAY 2023

# CROSFHOCAL

CROSFHOCAL




## TRASNA

4. Carb as d'Edward Bunting?
6. Cén sloinne a bhí ag an t-aon bhean a d'fhreastal ar an bhféile i mBéal Feirste? (6)
7. Tógtar an chruit le _____ (5)
9. D'fhoilsigh Edward Bunting ___ imleabhair ceoil (3)
10. Ainmnigh cumadóir cáiliúil cruitireachta (7)

## THÍOS

1. Tá 34 _______ ar an chruit (7)
2. Cén sloinne a bhí ag an gcruitire ba shine ag an fhéile chruitirí i mBéal Feirste? (7)
3. Cá raibh Bunting ina chónaí sulár bhog sé go Baile Átha Cliath? (11)
5. Cé a bhailigh ceol ó chruitirí i mBéal Feirste? (7)
8. Seinneann tú an chruit le do chuid _____ (5)

HARP IRELAND CRUIT ÉIREANN
LÁ NA CRUITE
HARP DAY 2023

FADÓ FADÓ

# THE IRISH HARP

## Ireland's national instrument

Tá an chruit le cloisteáil in Éirinn le breis is 1,000 bliain. Feicfidh tú an chruit ar na seanchrosa cloiche, agus í múnlaithe mar thriantán le sreanga práis. Sna seanlaethenta, tógadh le saileach í – adhmad dúchasach na hÉireann. Ba ghnáth go mbíodh cruitire agus file ag gach Ard-Rí agus Taoiseach in Éirinn, agus is minic gur chumadh ceol agus filíocht ina n-onóir. Sheinneadh an cruitire ceol na cruite mar thionlacán le filíocht na mbard. De réir mar a thuigimid, ba iad na fir a bhíodh i mbun ceol na cruite don chuid is mó.




*John Derricke 'Images of Ireland', 1581*

Bhí cumhachtaí draíochta ag ceol na cruite in Éirinn fadó. De réir na bhfinnscéalta, thiteadh daoine ina gcodladh nuair a chuala siad an suantraí, (ceol mall suaimhneach). Thagadh brón orthu le linn ceol na caointe agus bhíodh gliondar ar a gcroíthe agus fonn rince orthu agus an geantraí á sheinnt ag an gcruitire. Tá ról ar leith ag an gcruit i



*Ceaptar gur le Turlough Carolan an chruit seo ón 17ú aois (Ard-Mhusaem na hÉireann)*

measc an phobail in Éirinn agus í mar suaitheantais náisiúnta na tíre. Úsáidtear í ar ár gcuid airgid, ar litreacha an rialtais, agus ar chulaith na nGardaí agus an airm.

Rugadh **Turlough Carolan**, cruitire, sa bhliain 1670, agus tá clú agus cáil air ar fud an domhain. Is minic a chloistear a chuid cheol á sheinm ag cruitirí agus ceoltóirí traidisiúnta eile.



*Carolan, the Irish Bard, James Christopher Timbrell, 1844. (© The O'Brien Collection)*

Sa bhliain 1792, bhí laghdú mhór tagtha ar an gcruit in Éireann agus d'eagraigh grúpa daoine féile cruitireachta i mBéal Feirste. An sprioc a bhí ag an bhféile ná ceol na cruite a shábháil agus a chaomhnú, D'fhreastal deich gcruitire Éireannach, agus cruitire amháin ón Bhreatain Bheag ar an bhféile agus sheinn siad an ceol ab ansa leo.

Ba é **Denis Hempson** an cruitire is sine ag an bhféile - bhí se 97 bliain d'aois agus ní bhfuair sé bás go dtí go raibh sé 112 bliain d'aois! Bhain sé úsáid as na hingne in áit na méar agus é ag seinm. Ba é **William Carr** an cruitire is óige ag an bhféile; bhí sé 15 bliain d'aois, agus ní raibh ach bean amháin ann, **Rose Mooney**. Tháinig cruitire amháin ón Bhreatain Bheag agus bádh é ar a bhealach ar ais.

Ní raibh **Edward Bunting**, orgánaí óg ó Chontae Ard Mhacha ach 19 bliain d'aois nuair a tugadh cuireadh dó freastal ar an bhféile cruitireachta i mBéal Feirste agus ceol na gcruitirí a scríobh síos. Bhailigh sé cuid mhór eolais ó na cruitirí ar fad, chomh maith lena gcuid ceoil. Tar éis na féile, thaistil sé ar fud Cúige Uladh agus chomh fada le Contae Mhaigh Eo ag bailiú ceoil agus amhrán ó chruitirí agus ó cheoltóirí.



*Edward Bunting (ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)*

D'fhoilsigh Edward Bunting na foinn uilig i dtrí imleabhair ceoil *The Ancient Music of Ireland* sna blianta 1796, 1809 agus 1840. Bhog sé chuig Baile Átha Cliath, an áit a raibh cónaí air lena bhean chéile



*Sliocht as leabhair nótaí Bunting atá in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Sa bhlian 1792 bhí orthu na nótaí a scriobh síos agus an ceol á sheinnt ag na gcruitirí mar ní raibh aon ghléas acu chun an ceol a thaifead.*

agus a theaglagh ar Shráid Bhagóid. Sheinn sé ar an orgáin in eaglaisí éagsúla cosúil le hEaglais Naomh Stiofáin (The Pepper Canister) i mBaile Átha Cliath. I mbliana, cuimhnímid ar Edward Bunting ag an bhféile *An Chruit Bheo*, 180 bliain i ndiaidh a bháis, agus é curtha i Reilg Mount Jerome, i mBaile Átha Cliath.




Sá lá atá inniu ann, tógtar cruit le hadhmad mailpe, silín agus gallchnó agus bíonn 34 sreanga caoláin, níolón nó carbóin uirthi de ghnáth. Tá timpeall 15 daoine ag tabhairt faoi chruiteanna a thógáil in Éirinn faoi láthair.

Tá suim mhór ag cruitirí in athbheochan an tseantraidisiúin; ag seinnt leis na hingne ar chruit cóirithe le sreanga práis, dár ndóigh. Ina theannta sin, tá na céadta cruitirí óga ag foghlaim ceol na cruite in Éirinn, agus spéis thar cuimse acu ceol na gcruitirí a chur chun cinn. Go maire an chruit go buan ina measc.



*Lisa Canny*

Tá cruitireacht na hÉireann aitheanta ar an liosta UNESCO, is gné ar leith  dár gcultúr í agus tá sí ag dul ó neart go neart le borradh agus fás uirthi anseo in Éirinn agus thar lear.



*Séamus Ó Flatharta, Lá na Cruite 2021 ag Ballintubber Abbey*



*TG4 Gradam Ceoil, Ceoltóir na Bliana 2020, Laoise Kelly*

harp IRELAND CRUIT ÉIREANN

# LÁ NA CRUITE HARP DAY 2023



*Moya Brennan (Clannad) agus Cormac de Barra*



*Máire Ní Chathasaigh*



*Catríona Cannon agus Kathleen Loughnane*



*Gemma Doherty (Saint Sister)*



*Maeve Gilchrist, Lá na Cruite 2020 i Nua Eabhrac*



*Gráinne Hambly*

arts council funding traditional arts